NUACHTLITIR | MEITH 2020

Ag Tógáil

# LÁRIONAD NÁISIÚNTA UM RIALÚ TRAENACHA

Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath



An Conraitheoir

PURCELL BUILDING INTEGRITY

Arna Tacú Ag

Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

TFI TRANSPORT FOR IRELAND

An tÚdarás Conarthach

Iarnród Éireann Irish Rail

# CLÁR ÁBHAR

Tús Eolais ar an Tionscadal **Lch. 3**

Tús Eolais ar an Tionscadal **Lch. 4**

Tairbhí an Tionscadail & na Cúiseanna Leis **Lch. 5**

Cur síos ar an Tionscadal & ar an Láithreán **Lch. 6**

Fiosrúcháin **Lch. 9**

Eolas Nua**Lch. 10**

# TÚS EOLAIS AR AN TIONSCADAL

Beidh an tIonad Náisiúnta um Rialú Traenach (NTCC) mar lárionad Iarnród Éireann chun gluaiseachtaí na dtraenacha ar líonra Iarnród Éireann a bhainistiú agus a rialáil. Beidh faisnéis fhíor-ama curtha ar fáil ag an lárionad do na chustaiméirí sna stáisiúin, ar ár láithreán gréasáin agus ar ardáin meán sóisialta chomh maith. Tá sé in am lárionad rialaithe nua a thabhairt isteach in ionad an lárionad atá ag Iarnród Éireann faoi láthair chun na traenacha a rialáil mar gheall ar na srianta acmhainne atá ann ó thaobh na gcóras TF atá ann, agus atá beagnach imithe in éag.

Agus Lárionad Náisiúnta um Rialú Traenacha nua-aimseartha curtha i mbun feidhme ina ionaid, éascófar an comhtháthú den chomharthaíocht agus den chumarsáide ar fud líonra iomlán Iarnród Éireann, agus fágfaidh sé sin go mbeidh an bhainistíocht tráchta iarnróid níos éifeachtaí dá bharr. Tairbhe shuntasach amháin a bheidh curtha ar fáil do chustaiméirí ag an NTCC nua is ea an fheidhmíocht traenacha feabhsaithe agus an féidearthacht faisnéis taistil fíor-ama a fháil a bheidh cruinn agus suas leis an nóiméid chun turas a phleanáil.

Tá maoiniú le haghaidh chéim chur chun feidhme an Lárionaid Náisiúnta um Rialú Traenach á sholáthar ag Rialtas na hÉireann (tríd an Údarás Náisiúnta Iompair) mar chuid de Thionscadal Éireann 2040



# CÚLRA
# LEIS AN TIONSCADAL


Tá an tIonad Rialaithe Tráchta Lárnaithe (CTC) atá ag Iarnród Éireann faoi láthair lonnaithe i Stáisiún Uí Chonghaile agus tá sé ann ó na 1970idí, cé go gcuireadh síneadh suntasach leis sna 1980idí ionas go mbeifí in ann an DART a rialú.

De réir mar a rinne Iarnród Éireann a chuid bonneagair ráillí, comharthaíochta agus cumarsáide a athsholáthar agus a uasghrádú, tá méadú tagtha ar an ualach oibre atá curtha ar an CTC agus tá sé ag feidhmiú anois ag barr a acmhainneacht agus le teicneolaíocht sheanda. Faoi láthair na huaire, tá thart ar 75% den líonra iarnróid (thart ar 1500km ar fad) á rialú ón ionad seo atá ann cheana féin.

Déantar an 25% eile a rialú ó roinnt láithreáin áitiúla atá scaipthe ar fud an líonra agus ní féidir é a chomhtháthú leis an CTC atá ann cheana mar gheall ar na srianta atá ann maidir leis an acmhainneacht.



An socrú agus leagan amach tipiciúil sa CTC mar atá fós ann



An socrú atá beartaithe don Seomra Rialaithe Comharthaíochta sa Lárionad Náisiúnta um Rialú Traenach nua

# TAIRBHÍ AN TIONSCADAIL & NA CÚISEANNA LEIS

## Tairbhe do na custaiméirí uile atá ag Iarnród Éireann:

- Cuirfear foinse faisnéise comhchoitinn ar fáil leis a bheidh ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir, agus cuirfear feabhas leis an soláthar de Sheirbhísí Faisnéise do Chustaiméirí dá bharr.
- Mar gheall ar an líonra ar fad a bheith á rialú ón aon lárionad amháin, fágfaidh sé go mbeidh feabhsuithe curtha leis an mbainistíocht ar an gcur isteach ar an tseirbhís, agus go mbeidh laghdú curtha leis an tionchar a bheidh ag an gcur isteach sin ar phaisinéirí chomh maith.
- Cuirfidh an Córas Bainistíochta Tráchta nua uirlisí ar fáil chun seirbhís traenach saor ó choimhlint a chur ar fáil, chomh maith leis an mbainistíocht ar an aisghabháil agus ar theagmhais a éascú, agus bainfear amach feabhsuithe ó thaobh ama taistil agus na poncúlachta de do chustaiméirí Iarnród Éireann dá bharr.

## Bainfear amach na buntáistí ag seo a leanas leis an NTCC:

- Freastalóidh sé ar an méadú acmhainneachta ar an líonra atá ann cheana féin agus a bheidh a mbainfear amach ann amach anseo, agus an clár Leathnaithe DART san áireamh leis sin.
- Is féidir an rialú tráchta ar fad a chomhtháthú in aon ionad amháin, ach Córas Bainistíochta Tráchta nua-aimseartha a úsáid.
- Táthar chun fadhbanna na dífheidhmeachta atá ann faoi láthair ó thaobh an bhonneagair rialaithe traenach.
- Déanfar an trom-rialú ar an trácht iarnróid a bharrfheabhsú ar fud líonra Iarnród Éireann ar fad.
- Bainfear amach na buntáistí go léir a bhaineann leis an infheistíocht sa bhonneagar ráille, comharthaíochta agus cumarsáide atá déanta le deich mbliana anuas nuair a bheidh an líonra iomlán á rialú ón aon áit amháin.
- Sa lárionad nua beidh lárionad ceannais straitéiseach éigeandála chun freagairt idir-rannach a chomhordú ar eachtraí éigeandála.
- Déanfar an t-ionad nua seasmhach i leith na todhchaí ar bhealach a ligfear don chomhtháthú d'fhorbairtí agus feabhsúcháin bonneagair líonra, idir cinn atá beartaithe agus cinn ionchasacha araon, ar an líonra iarnróid throm.
- Fágfar an t-ionad CTC atá ann cheana féin i stáisiún Uí Chonghaile mar atá, déanfar é a fhorbairt, agus beidh sé mar ionad cúltaca.

# CUR SÍOS AR AN TIONSCADAL & AR AN LÁITHREÁN

Tá an láithreán atá beartaithe don Lárionad Náisiúnta um Rialú Traenach nua suite laistigh den chlós iarnróid atá fós i mbun feidhme ar chúl Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath, suite ar chúl an charrchlóis atá ann mar atá mínithe ar an gcéad leathanach eile.

Is éard a bheidh san áis seo ná foirgneamh 5 urlár agus íoslach leis, 5,500m2 ar achar san iomlán. Beidh leibhéal an íoslaigh á úsáid mar limistéar leasa don fhoireann, le seomraí taisceadáin agus seomra garchabhrach, agus thuas staighre beidh seomraí comharthaíochta agus rialaithe, spás oifige, seomraí cruinnithe, áiseanna foirne agus beidh limistéir dhaingne ann freisin chun gléasra agus trealaimh a choimeád slán.






# SUÍOMH AN LÁITHREÁIN

**Seoladh an Láithreáin:**
Stáisiún Heuston,
Bóthar Eoin Thiar,
Baile Átha Cliath,
**Éire**

# TREOCHLÁR AN TIONSCADAIL

| | |
|---|---|
| Samhradh 2020 | Tosach an Tionscadail |
| Samhradh 2020 | An Fostruchtúr Críochnaithe |
| Geimhr-eadh 2020 | An Fráma Fo-Struchtúir Críochnaithe |
| Earrach 2021 | An Imchlúdach Foirgnimh |
| Samhradh 2021 | An Feistiú Críochnaithe |
| Geimhr-eadh 2021 | Aistriú an Tionscadail |



# FIOSRÚCHÁIN

Tá sé beartaithe don nuachtlitir seo a bheith mar threoir faisnéise do na cónaitheoirí agus na gnólachtaí uile in aice láimhe.
Ba cheart gach aon fiosrúcháin faoin tionscadal agus gach aon cheist ó daoine atá ina gcónaí ina aice láimhe maidir leis an tionscadal tógála a chur chuig an líne freagartha tiomnaithe 24 uair an chloig nó chuig an gcuntas ríomhphoist ar leith, mar atá a sonraí ar fáil ag seo thíos.

## Fiosrúcháin Ghinearálta & Líne Freagartha 24 uair

01 96 30 730 *(Foireann á fhreagairt 24 uair)*

ntcc@irishrail.ie

## Comhfhreagras Poist

**Oifigeach Idirchaidrimh don Phobail an NTCC**
Purcell Construction,
Ceap Oifigí B,
Cearnóg de hÍde,
654 An Cuarbhóthar Theas,
Baile Átha Cliath 8.
D08 W9FD



# NUASHONRUITHE

Más mian leat an t-eolas is deireanaí a fháil faoin tionscadal, cláraigh do sheoladh ríomhphoist ag an nasc thíos, nó is féidir ríomhphost díreach a chur chuig **ntcc@irishrail.ie**

Chun clárú, níl ag teastáil ach an cód QR a scanadh le ceamara d'fhóin phóca agus an nasc a leanúint.

s

**Scanáil an cód QR**




An Lárionad Náisiúnta um Rialú Traenacha, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath

# AN LÁRIONAD NÁISIÚNTA UM RIALÚ TRAENACHA

Go Raibh Maith Agat